An Roinn Oideachais
Department of Education

# Measúnú ar Riachtanas An Próiseas agus Ról Earnáil an Oideachais

## Ceisteanna Coitianta

Aibreán 2024

Is foilseachán i gcomhar é an doiciméad beo seo idir an Roinn Oideachais
agus CNOS agus déanfar é a uasdátú dá réir sin.

Leagan 2.0
Dáta foilsithe: Aibreán 2024

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Acrainmneacha | 2 |
| Cén eagraíocht atá freagrach as próiseas an Mheasúnaithe ar Riachtanas (MAR)? | 3 |
| Cén cuspóir atá leis an Measúnú ar Riachtanas (MAR)? | 3 |
| Conas a chuirtear tús leis an bpróiseas seo? | 3 |
| Cén fáth a bhfuil an t-oideachas mar chuid de phróiseas FSS anois agus cén ról atá ag scoileanna i bpróiseas MAR? | 3 |
| Cé aige a bhfuil an saineolas cuí i scoileanna chun cuidiú leis an measúnú ar riachtanais oideachais? | 3 |
| Cén ról atá ag an múinteoir i bpróiseas an Mheasúnaithe ar Riachtanas (MAR)? | 4 |
| Cén cuspóir atá le Tuairisc CNOS ar Riachtanais Oideachais? | 4 |
| Cé mhéad foirm a mbeifear ag súil go gcomhlánóidh an múinteoir iad? | 4 |
| Cén cineál eolais a fhéadfaidh an múinteoir a úsáid chun cuidiú leis/léi measúnú ar riachtanais oideachais a chur i gcrích? | 4 |
| An dtéann an próiseas nua seo i bhfeidhm ar an gComhad Tacaíochta Scoláire? | 5 |
| An mbeidh impleachtaí dlíthiúla ann do scoileanna? | 5 |
| An bhfaighidh an scoil acmhainní breise a shainaithnítear don scoláire mar chuid de phróiseas FSS um Measúnú ar Riachtanas (MAR)? | 5 |
| An bhféadfaidh múinteoir seirbhísí nó acmhainní a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an scoláire agus nach bhfuil siad ar fáil sa scoil faoi láthair? | 5 |
| Cá bhfaighidh múinteoirí an t-am chun an Tuairisc ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS a chur i gcrích? | 6 |
| An bhfuil treoir ar leith ann do scoileanna chun cuidiú leo an fhoirm don Tuairisc ar Riachtanas Oideachais a chomhlánú? | 6 |
| Conas a thacófar leis an gcóras scoile sa phróiseas sin? | 6 |
| Má fhaigheann scoil líon mór iarratas, an bhféadfaidh sí tacaíocht a fháil chun cuidiú léi na foirmeacha a chomhlánú? | 6 |
| Cad é an cás maidir leis an Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus toiliú do scoileanna sa phróiseas seo? | 6 |
| An bhfuil toiliú ag scoileanna chun eolas a roinnt le CNOS mar chuid den phróiseas? | 6 |
| An mbeidh tionchar aige sin ar iarratais/phróisis a sholáthraíonn RO nó CNOS? | 7 |
| An mbeidh scoileanna páirteach sa phróiseas achomhairc? | 7 |

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| OM | Oifigeach Measúnaithe |
| MAR | Measúnú ar Riachtanas |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí |
| HIQA | An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |

## Cén eagraíocht atá freagrach as próiseas an Mheasúnaithe ar Riachtanas (MAR)?

Déantar foráil do phróiseas an Mheasúnaithe ar Riachtanas (MAR) faoin Acht um Míchumas, 2005 agus is próiseas é seo faoi shainchúram agus faoi fhreagracht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

## Cén cuspóir atá leis an Measúnú ar Riachtanas (MAR)?

Tá sé mar chuspóir ag an Measúnú ar Riachtanas sláinte agus, más gá, riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga a shainaithint faoi mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas, 2005.

Má dhéanann tuismitheoir/caomhnóir iarratas chuig FSS ar MAR, déanann an tOifigeach Measúnaithe (OM), atá fostaithe ag FSS, athbhreithniú ar an iarratas sin agus cinneann an t-oifigeach cé acu an dócha nó nach dócha go bhfuil an leanbh nó an duine óg sin faoi mhíchumas. Tá sé de dhualgas ar an Oifigeach Measúnaithe a chinntiú go ndéantar an Tuairisc um Measúnú ar Riachtanas de chuid FSS a ullmhú i gcomhréir le Caighdeáin um Measúnú ar Riachtanas *de chuid an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).*

Déanann an tOifigeach Measúnaithe an próiseas measúnaithe a chomhordú agus comhlánaíonn sé/sí an tuairisc mheasúnaithe.

## Conas a chuirtear tús leis an bpróiseas seo?

Cuirtear tús le próiseas MAR nuair a dhéanann an tuismitheoir/caomhnóir iarratas chuig FSS ar Mheasúnú ar Riachtanas.

## Cén fáth a bhfuil an t-oideachas mar chuid de phróiseas FSS anois agus cén ról atá ag scoileanna i bpróiseas MAR?

I ndiaidh breith dhlíthiúil in 2021, soiléiríodh go bhfuil sé de dhualgas ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) duine cuí a ainmniú chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga **thar ceann FSS** faoi phróiseas MAR.

Má thagann an tOifigeach Measúnaithe de chuid FSS ar an tuairim go bhféadfadh sé go mbeadh gá le seirbhís oideachais a chur ar fáil d'iarratasóir, iarrfaidh sé/sí ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) duine a bhfuil an saineolas cuí aige/aici a ainmniú chun cuidiú leis an measúnú ar riachtanais oideachais. Ansin, iarrfaidh CNOS ar scoileanna cuidiú le measúnú ar riachtanais oideachais agus chuige sin Tuairisc ar Riachtanais Oideachais a chomhlánú agus a chur ar ais chuig CNOS. Déanann an tOifigeach Measúnaithe (OM) comhordú ar an mórphróiseas measúnaithe i dtaca le riachtanais uile an iarratasóra, lena n-áirítear riachtanais oideachais, agus ansin comhlánaíonn sé/sí Tuairisc Mheasúnaithe MAR.

## Cé aige a bhfuil an saineolas cuí i scoileanna chun cuidiú leis an measúnú ar riachtanais oideachais?

I mbreith chúirte a tugadh le déanaí, deimhníodh go bhfuil an saineolas cuí ag múinteoirí cáilithe agus go bhfuil siad cuícháilithe chun go n-ainmneodh CNOS iad chun cabhair a thabhairt maidir le measúnú ar riachtanais oideachais mar chuid den phróiseas FSS MAR níos leithne.

## Cén ról atá ag an múinteoir i bpróiseas an Mheasúnaithe ar Riachtanas (MAR)?

Is é ról an mhúinteora cuidiú le hOifigeach Measúnaithe FSS maidir le riachtanais oideachais iarratasóir MAR a aithint chomh maith leis na seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an iarratasóir MAR. Déanann an múinteoir é sin trí mhachnamh a dhéanamh ar an réimse iomlán eolais atá ar fáil dó/di maidir le riachtanais oideachais an linbh nó an duine óig.

Go sonrach, iarrtar ar an múinteoir cuidiú leis an measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachais agus chuige sin Tuairisc ar Riachtanais Oideachais CNOS a chomhlánú. Cuirtear an tuairisc chomhlánaithe ar aghaidh chuig FSS chun cuidiú leis an OM maidir le próiseas MAR.

## Cén cuspóir atá le Tuairisc CNOS ar Riachtanais Oideachais?

Tugann Tuairisc chomhlánaithe CNOS ar Riachtanais Oideachais eolas d'Oifigeach Measúnaithe FSS a chuidíonn leis an oifigeach sin cinneadh a dhéanamh maidir le sláinte agus riachtanais oideachais an linbh nó an duine óg agus na seirbhísí a theastaíonn chun na riachtanais sin a shásamh.

## Cé mhéad foirm a mbeifear ag súil go gcomhlánóidh an múinteoir iad?

Tá an Roinn Oideachais (RO) tar éis plé forleathan a dhéanamh le FSS maidir lena bhféadfadh a bheith de dhíth ó scoileanna. I gcás go bhfaigheann scoileanna iarratas ó CNOS maidir le cuidiú a thabhairt chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachais, iarrfar orthu Tuairisc ar Riachtanais Oideachais CNOS a chomhlánú. Is í sin an t-aon fhoirm a bheidh ar mhúinteoirí a chomhlánú sa phróiseas seo. Spreagann CNOS scoileanna chun ríomhphost a sheoladh chuig aon@ncse.ie i gcás gur iarradh ar phríomhoidí foirmeacha breise a bhaineann le MAR agus a sheol gníomhaireachtaí eile chucu a chomhlánú.

## Cén cineál eolais a fhéadfaidh an múinteoir a úsáid chun cuidiú leis/léi measúnú ar riachtanais oideachais a chur i gcrích?

Is iondúil go mbeidh eolas cuimsitheach ag múinteoirí ar na riachtanais oideachais atá ag scoláirí aonair, trí bheith ag idirghníomhú leo ar bhonn rialta i gcomhthéacs na scoile. Féadfar an t-eolas sin go léir a chur san áireamh sa Tuairsc ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS. D'fhéadfadh cuid de sin a bheith taifeadta sa Chomhad Tacaíochta Scoláire. Mar sin féin, níl an múinteoir teoranta d'eolas a thabhairt ón gComhad Tacaíochta Scoláire más dóigh leis/léi go bhfuil eolas breise ábhartha maidir le Measúnú ar Riachtanas (MAR) Féadfaidh múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid eolais agus ar a gcuid taithí féin agus iad ag obair leis an scoláire agus breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais oideachas a bhféadfadh sé nach bhfuil siad taifeadta sa Chomhad Tacaíochta Scoláire, ach a mheastar a bheith ábhartha chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachais.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh na riachtanais a shainaithnítear gné ar bith nó na gnéithe go léir de riachtanais oideachais an scoláire agus an tionchar atá ag na riachtanais sin ar fhoghlaim an scoláire. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh riachtanais a bhaineann le teanga agus cumarsáid, foghlaim an scoláire, chomh maith le forbairt shóisialta, mhothúchánach, iompraíochta agus/nó chéadfach an scoláire, agus forbairt phearsanta an scoláire sainaitheanta ag múinteoir, I gcás na scoláirí sin a bhfuil réimse leathan riachtanas acu, d'fhéadfadh sé nach dtabharfaí tosaíocht dóibh go léir i bPlean Tacaíochta Scoláire. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh dóibh sin sa Tuairisc ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS, fiú mura bhfuil siad mar chuid den Phlean Tacaíochta Scoláire.

## An dtéann an próiseas nua seo i bhfeidhm ar an gComhad Tacaíochta Scoláire?

Ní théann, go deimhin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé tairbheach an Comhad Tacaíochta Scoláire a bheith ar láimh nuair atá an Tuairisc ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS á comhlánú.

Tá eolas a bailíodh ó réimse foinsí á soláthar ag scoileanna, amhail cuir chuige maidir le measúnuithe leanúnacha agus tuairiscí gairmiúla eile, atá taifeadta ar an gComhad Tacaíochta Scoláire.

## An mbeidh impleachtaí dlíthiúla ann do scoileanna?

San Acht um Míchumas, 2005, tugtar breac-chuntas ar an bhfreagracht dhlíthiúil maidir le próiseas MAR agus leagtar an fhreagracht sin ar FSS. Laistigh den Acht um Míchumas, tá dualgas reachtúil ar CNOS 'daoine cuí' a ainmniú chun cuidiú le FSS i bpróiseas MAR.

## An bhfaighidh an scoil acmhainní breise a shainaithnítear don scoláire mar chuid de phróiseas FSS um Measúnú ar Riachtanas (MAR)?

Cuireann an t-eolas a sholáthraíonn an scoil bonn eolais faoi phróiseas MAR agus faoin Ráiteas Seirbhíse a d'fhéadfaí a sholáthar don leanbh mar thoradh ar an bpróiseas. Tá sé tábhachtach a lua go gcuirtear in iúl in alt 11(c) den Acht um Míchumas, 2005 nach mbeidh forálacha ar bith i Ráiteas Seirbhíse a bhaineann le seirbhísí oideachais áit a bhfuil leanbh mar ábhar don ráiteas.

Táthar ag súil go ndéanfaidh scoileanna acmhainní breise a sholáthraítear dóibh a úsáid chun freastal ar na riachtanais atá ag leanaí agus ag daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu bunaithe ar an bprionsabal go mbeidh an leibhéal tacaíochta is airde á fháil ag an leanbh nó ag an duine óg a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde aige/aici. Is féidir le scoileanna leas a bhaint as na próisis atá ann cheana féin trí CNOS chun acmhainní nó tacaíochtaí breise a lorg.

## An bhféadfaidh múinteoir seirbhísí nó acmhainní a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an scoláire agus nach bhfuil siad ar fáil sa scoil faoi láthair?

Féadfaidh. Ní gá go mbeadh moltaí an mhúinteora maidir le seirbhísí oideachais do scoláirí ar a bhfuil siad ag tuairisciú teoranta do na seirbhísí sin atá ar fáil ina scoil féin. Mar chuid de phróiseas an Mheasúnaithe ar Riachtanas de chuid FSS, bainfidh an OM leas as an Tuairisc ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS a chomhlánaíonn múinteoirí. De réir alt 8(5) den Acht um Míchumas, 2005, ní mór measúnú ar riachtanais FSS a dhéanamh beag beann ar an gcostas a bhaineann le haon seirbhísí a chur ar fáil, a meastar iad a bheith riachtanach chun freastal ar riachtanais an scoláire, ná ar an gcumas a leithéid a chur ar fáil. Is measúnú 'ar an gcaighdeán is airde'[1] é sin. Dá bhrí sin, ba chóir go n-aithneodh múinteoirí aon seirbhísí oideachais a mheasann siad a bheith oiriúnach chun dul i ngleic le riachtanais oideachais an scoláire.

Tá liosta de shamplaí seirbhísí i gCiorclán 0025/2024.

1 Faoin Acht um Míchumas 2005, alt 8 (5), ní mór measúnú ar riachtanais FSS a dhéanamh beag beann ar an gcostas a bhaineann le haon seirbhísí a chur ar fáil, a meastar sa mheasúnú iad a bheith riachtanach chun freastal ar riachtanais an iarratasóra lena mbaineann. Mar sin, léireoidh sé "an caighdeán is airde" maidir le riachtanais seirbhíse.

## Cá bhfaighidh múinteoirí an t-am chun an Tuairisc ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS a chur i gcrích?

Is féidir le múinteoirí i scoileanna príomhshrutha am comhordaithe Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOS) a úsáid chun an Tuairisc ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS a chomhlánú agus is féidir leo tacaíocht a iarradh ó CNOS, de réir mar is gá. Cuirfidh CNOS iarratais ar thacaíocht maidir le comhlánú na Tuairisce ar Riachtanais Oideachais de chuid CNOS in ord tosaíochta, mar bheart eatramhach, go dtí go gcuirfear tacaíochtaí breise teagaisc agus riaracháin ar fáil do scoileanna speisialta, i mí Mheán Fómhair 2024.

## An bhfuil treoir ar leith ann do scoileanna chun cuidiú leo an fhoirm don Tuairisc ar Riachtanas Oideachais a chomhlánú?

Tá, ullmhaíodh nóta treorach do scoileanna i ndiaidh comhairliúchán forleathan le scoileanna agus páirtithe leasmhara.

## Conas a thacófar leis an gcóras scoile sa phróiseas sin?

Tá sraith tacaíochtaí curtha i bhfeidhm ag CNOS chun cuidiú le comhlánú na comhpháirte oideachais de phróiseas MAR FSS. Ina measc sin tá:

- Treoir mhionsonraithe: Nóta Treorach do Scoileanna
- Tacaíocht ríomhphoist ag aon@ncse.ie
- Tacaíocht ar an teileafón ag 01 603 3456 chun rochtain a fháil ar thacaíocht riaracháin, nó rochtain bhreise ar shaintacaíocht

## Má fhaigheann scoil líon mór iarratas, an bhféadfaidh sí tacaíocht a fháil chun cuidiú léi na foirmeacha a chomhlánú?

I gcásanna ina bhfaigheann scoileanna líon mór atreoruithe MAR, déanfar acmhainní breise a leithdháileadh ar na scoileanna sin. Sna cúinsí sin, cuirfear leithdháileadh breise aon uaire d'uaireanta tacaíochta MAR ar fáil do scoileanna mar a léiríodh i gCiorclán 0025/2024.

Ina theannta sin, tá gealltanas tugtha ag CNOS go gcuirfidh siad tacaíocht chomhairleora ar an suíomh ar fáil, más gá.

## Cad é an cás maidir leis an Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus toiliú do scoileanna sa phróiseas seo?

Faigheann FSS toiliú ó thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla sula dtosaítear ar an bpróiseas seo. Ceadaíonn an toiliú sin sonraí a roinnt idir soláthraithe seirbhísí oideachais (scoil), FSS agus CNOS.

## An bhfuil toiliú ag scoileanna chun eolas a roinnt le CNOS mar chuid den phróiseas?

Nuair a dhéanann tuismitheoir/caomhnóir iarratas ar Mheasúnú ar Riachtanas chuig FSS, tugann tuismitheoirí/caomhnóirí toiliú do FSS chun roinnt eolais idir FSS, CNOS agus scoileanna a cheadú. Chomh maith leis sin, téann CNOS i dteagmháil leis an tuismitheoir/gcaomhnóir chun a dheimhniú arís go bhfuil toiliú tughta.

## An mbeidh tionchar aige sin ar iarratais/phróisis a sholáthraíonn RO nó CNOS?

Ní bheidh. Is próiseas eile go hiomlán é seo atá faoi shainchúram FSS.

I dtaca le hacmhainní agus tacaíocht a sholáthraíonn RO nó CNOS, tá na próisis mar an gcéanna.

## An mbeidh scoileanna páirteach sa phróiseas achomhairc?

Ní mheastar go mbeidh scoileanna páirteach sa phróiseas achomhairc.

Déantar foráil do phróiseas reachtúil um ghearáin agus achomhairc san Acht. Féadfaidh iarratasóirí MAR gearáin a dhéanamh ar na forais seo a leanas:

a) cinneadh ón oifigeach measúnaithe lena mbaineann nach bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas;

b) Má tharla sé nár tosaíodh an measúnú faoi alt 9 laistigh den am atá sonraithe in alt 9(5) nó nár críochnaíodh é gan an iomarca moille;

c) Má tharla sé nár reáchtáladh an measúnú faoi alt 9 ar bhealach a chomhlíonann na caighdeáin a chinneann comhlacht dá dtagraítear in alt 10;

d) ábhar an ráitis seirbhíse a soláthraíodh don iarratasóir;

e) Más rud é gur theip ar an bhFeidhmeannas nó ar an soláthraí seirbhíse oideachais*, cibé cé acu, seirbhís a shonraítear sa ráiteas seirbhíse a sholáthar nó a sholáthar go hiomlán.

Baineann na forais thuas le gnéithe sláinte an phróisis. Ina theannta sin, níl an t-oideachas clúdaithe taobh istigh den ráiteas seirbhíse de réir an Achta um Míchumas, Cuid 2 Alt 11.6.

** NB – ní fhéadfaidh ráitis seirbhíse do leanaí tagairt don oideachas*

An Roinn Oideachais
Department of Education